



*Rewarding Learning*

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)  
General Certificate of Education  
2022**

---

# Ealaín agus Dearadh

Aonad Measúnaithe AS 2

*ag measúnú*

Freagairt Phearsanta

**[SAR21]**

**Ar fáil ar líne ó Lúnasa 2021 d'Aonad AS 1: Punann Thurgnamhach**

**AG TOSÚ AR 1 FEABHRA 2022**

---

## **EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Ba chóir go mbeadh an obair seo comhlánaithe tuairim is seachtain amháin sula gcuirfear na marcanna chuig CCEA.

Is é **60** an marc iomlán don páipéar seo.

Moltar d'iarrthóirí an páipéar ar fad a léamh roimh obair ar bith a thosú.

Is féidir treoir ar mhaoirseacht, ar thacaíocht agus ar fhíordheimhneacht a fháil ach í a iarraidh nó is féidir í a íoslódáil ó shuíomh gréasáin CCEA ag [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

## **OBAIR ULLMHÚCHÁIN**

Ní mór duit obair ullmhúcháin a chur ar fáil mar thacaíocht leis an toradh ar do Fhreagairt Phearsanta.

Níl aon srianta leis an am nó an áit ar féidir tabhairt faoin obair ullmhúcháin.

Ní mór don obair ullmhúcháin **uilig** a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir.

## **AN FHREAGAIRT DEIRIDH**

Tosaíonn an tréimhse scrúdúcháin don fhreagairt deiridh ar 1 Feabhra i mbliain an scrúdaithe.

Ba chóir an páipéar spreagthach a úsáid mar thúsphointe don Phunann Thurgnamhach in

Aonad 1, ó Mheán Fómhair na bliana roimh an scrúdú. Caithfear an fhreagairt deiridh a

chomhlánú taobh istigh den lárionad agus is féidir í a thosú am ar bith le linn na tréimhse

scrúdúcháin. Ní mór di a bheith fíordheimhnithe ag do mhúinteoir. Cuirfidh an lárionad deich

n-uair an chloig d'am feitheoireachta ar fáil le maoirseacht a dhéanamh ar chomhlánú deiridh an

tsaothair. Ba chóir an obair ullmhúcháin agus an fhreagairt deiridh a thabhairt do do mhúinteoir

le go mbeidh measúnú déanta uirthi agus modhnóireacht ina dhiaidh sin ag modhnóir de chuid

CCEA.

## Treoracha d'iarrthóirí

AS 2, **An Fhreagairt Phearsanta**, is páipéar spreagthach é atá socraithe go seachtrach a chuirfidh pointí tosaigh molta ar fáil a thagann amach as téama socraithe a bhíonn eisithe ag CCEA ag tús an chúrsa AS.

Is féidir tabhairt faoin téama trí cheann ar bith de na speisialtóireachtaí GCE Ealaín agus Dearadh seo a leanas:

- Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar;
- Grianghrafadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe;
- Dearadh Tríthoiseach; nó
- Teicstílí.

### Critéir Mheasúnaithe

Agus do chuid oibre á marcáil, bainfear úsáid as na cuspóirí measúnaithe seo a leanas:

- CM1 Eolas agus Tuiscint:** Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe marthanacha agus fócasaithe a dhéanamh a bheidh bunaithe ar fhoinsí comhthéacsúla agus eile, ag léiriú tuiscint atá anailíseach agus criticiúil.
- CM2 Próiseas cruthaitheach:** Acmhainní, meáin, ábhair, teicnící agus próisis chuí a fhiosrú agus a roghnú, agus smaointe a athbhreithniú agus a bheachtú de réir mar a fhorbraíonn obair.
- CM3 Scileanna:** Smaointe, breathnuithe agus aon léargas atá ábhartha do chuspóirí a thaifeadadh, agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar obair agus dul chun cinn.
- CM4 Toradh:** Freagairt phearsanta bhríoch a chur i láthair a chuireann cuspóirí i gcrích agus, an áit ar cuí é, a dhéanann ceangail idir eilimintí amhairc agus eile.

Anseo thíos tá leithdháileadh céatadánach na marcanna don aonad seo:

- CM1 16.67% [10 marc]
- CM2 16.67% [10 marc]
- CM3 16.67% [10 marc]
- CM4 50% [30 marc]

Ba chóir duit an páipéar ar fad a léamh.

Moltar duit tosú ar smaointe a fhiosrú don téama seo le linn Aonad 1, an Phunann Thurgnamhach, ionas go mbeidh tú ábalta tarraingt ar d'obair agus d'fhorbairt thurgnamhach in Aonad 1 le toradh a tháirgeadh le linn Aonad 2, an Fhreagairt Phearsanta.

Is féidir go bhfaighidh tú inspioráid ó smaointe, ealaíontóirí, ceardaithe agus dearthóirí atá luaite fud fad an pháipéir, ach táthar ag dúil le go ndéanfaidh tú smaointe a fhiosrú agus obair a tháirgeadh go príomha i meáin agus i ndisciplíní a bhaineann le do speisialtóireacht roghnaithe féin. San Ealaíon, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar, cuimsíonn seo na disciplíní ar fad.

Tabharfaidh do mhúinteoir treoracha cruinne duit ar chomhlánú agus ar mheasúnú do chuid oibre ullmhúcháin agus na socruithe atá déanta do na seisiúin tástála rialaithe agat.

## Staidéar Ullmhúcháin

Ní mór duit do Léiriú Intinne, d'obair ullmhúcháin, do thoradh/thorthaí deiridh, agus do luacháil scríofa a chur i láthair le haghaidh measúnú. D'obair ullmhúcháin, ní mór di tacú le táirgeadh an toraidh deiridh agus is féidir léi bheith i bhfoirm leabhar oibre, leabhair sceitseála, leathanaigh scaoilte, nó aon mheán cuí traidisiúnta nó digiteach eile atá déthoiseach nó tríthoiseach. Ba chóir í a chur i láthair leis an toradh leis na critéir mheasúnaithe uilig atá liostaithe a chomhlíonadh.

**Ní mór gur leat féin í an obair uilig a chuirtear i láthair don scrúdú seo.**

## Treoir

Ba chóir duit:

- **Léiriú Intinne** a tháirgeadh, nach bhfuil níos mó ná 300 focal ann, ina dtugtar breac-chuntas ar an dóigh a bhfuil sé ar intinn agat na smaointe seo a fhorbairt i dtreo toraidh. Níor chóir dó seo do phróiseas cruthaitheach a theorannú agus is féidir leis na cuspóirí agat athrú de réir mar a théann do chuid oibre ar aghaidh. Is féidir leat é seo a léiriú sa luacháil agat.
- An obair ullmhúcháin agat a fhorbairt agus a chur i láthair. Is féidir go gcuimseoidh sé líníochtaí, pictiúir phéinteáilte, colláisí, grianghrafadóireacht, leathanaigh dhearaidh, samplaí, maquettes, nó fréamhshamhlacha atá ábhartha don speisialtóireacht agat, i meán thraidisiúnta nó dhigiteacha
- Tuiscint a léiriú ar na heilimintí foirmiúla agus na prionsabail dearaidh a bhaineann le healaín, ceardaíocht agus dearadh.
- Tuiscint chomhthéacsúil a léiriú ar obair cleachtóirí eile agus ar an speisialtóireacht a roghnaigh tú féin.
- Meáin, ábhair nó teicnící cuí a roghnú atá fóirsteanach le do thoradh a tháirgeadh.
- Do chuid smaointe a athrú agus a bheachtú de réir mar a théann siad chun cinn.
- Pleanáil agus ullmhú do tháirgeadh an toraidh deiridh a dhéanamh a fhoireann don am atá ar fáil.
- Toradh a tháirgeadh a léiríonn do chuid cuspóirí.
- An obair ullmhúcháin chomhlánaithe agus an toradh agat a chur i láthair i modh cuí.
- Luacháil ghairid scríofa den fhreagairt phearsanta agat a chomhlánú. (Uasmhéid 300 focal)
- An obair seo a chur ar fáil le haghaidh marcála agus modhnóireachta nuair a iarrann do lárionad ort é a dhéanamh.

## **TÉAMA: Bloghta (briste ina smidiríní)**

Is féidir saothar ealaíne, ceardaíochta agus deartha a thógáil ó phíosáí aonair de smidiríní. Is féidir le healaíontóirí píosa aonair, nó blogh, a scaradh amach, agus díriú isteach ar mhionghné amháin nó níos mó. Déanann ealaíontóirí, dearthóirí agus ceardaithe an dóigh a thaifeadh a mbíonn bloghadh ag teacht ar shochaithe i rith an ama mar gheall ar chogaí nó ar imirce. Dhírigh gluaiseachtaí san ealaín agus sa dearadh ar shaothair a bhfuil bloghadh le feiceáil iontu. Is féidir íomhá amháin a léiriú thar roinnt canbhás, scáileán nó ardán eile. Is féidir le scannáin insintí bloghta neamhlíneacha a bheith acu. Tá nádúr briste chomhfhis an duine léirithe ag a lán ealaíontóirí.

### **Ar na sainmhínte ar bhloghadh/bhloghta tá:**

- An gníomh nó an próiseas de bhloghadh
- Scartha ina pháirteanna nó déanta de roinnt páirteanna; deighilte; cuid neamhiomlán nó scoite
- An titim as a chéile, cliseadh nó briseadh anuas de ghnásanna smaoinimh nó iompraíochta
- Sa ríomhaireacht, nuair atá píosaí sonraí a bhaineann lena chéile stóráilte ar dhóigh mhí-eagraithe ionas nach féidir rochtain a fháil orthu go furasta

Fiosraigh saothar ealaíontóirí, ceardaithe nó dearthóirí ábhartha le hinspioráid a thabhairt do do chuid fiosrúchán agus smaointe agus iad a fhorbairt nó le treoir le haghaidh dearadh de do chuid féin a chruthú. Is féidir leat na heiseamláirí seo a leanas a úsáid mar thúsphointe nó do rogha féin de chleachtóirí ábhartha a fhiosrú.

**Is féidir leat inspioráid a bhaint as an speisialtóireacht a bhfuil tú ag déanamh staidéir uirthi nó as cuid ar bith eile den pháipéar.**

## Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh – Comhstaidéar

Bíonn ealaíontóirí ag cruthú íomhánna atá briste ina mbloghanna ag míreanna den tsaothar. Na pictiúir de chuid **Edgar Degas** de dhamhsóirí bailé ag cleachtadh, bhí siad bloghta ag codanna den ailtireacht inmheánach. Léiríonn olaphictiúir **Gregory Thielker** radhairc trí fhuinneoga carranna agus iad curtha as a riocht ag an fhearthainn. Is minic a bhíonn dreacha cathrach le **Richard Estes** scoilte ina mbloghanna ag fuinneoga nó struchtúir eile. Chruthaigh an tsuiteáil **Mirror Maze** le **Es Devlin** frithchaitheamh den timpeallacht a bhí díchumtha bloghta. Phéinteáil **Pierre Bonnard** cuid mhór radharc trí fhuinneoga oscailte, an tírdhreach bloghta ag na struchtúir.

Is féidir saothair ealaíne a dhéanamh as bloghanna aonair. Déantar **Mósáicí** as **tesserae** ceirmeacha nó gloine. Tógann **David Turner** ealaín as **Legó**. Baineann **Dimitris Ladopoulos** úsáid as algartam darb ainm **Houdini** le pictiúir stairiúla a athrú ina bpíosaí briste ar nós mósáicí. Cruthaíonn **Julian Schnabel** a chuid **Plate Paintings** ar phlátaí ceirmeacha briste. Tá clú ar **Evie Hone** agus ar **Wilhelmina Geddes** as a saothar le gloine dhaite. Bhain puncghrafaicí **Jamie Reid** úsáid as píosaí téacs a stróiceadh as nuachtáin. Chruthaigh an stiúideo digiteach **Hello Velocity Brand New Roman**, cló-aghaidh as sainlógónna de bhrandaí iomráiteacha.

Is iomaí ealaíontóir a dhírigh ar dhromchlaí a bhí bloghta mar ábhar. Bíonn tíleanna scoilte le feiceáil mar ábhar i saothar **Adriana Varejão**. Tá seodra **Kate Bajic** déanta as píosaí briste atá spreagtha ag léicean. Déanann **128 Details from a Picture** le **Gerhard Richter** taifead ar scoilteanna sa dromchla ar cheann dá olaphictiúir féin. Taispeánann **Torn Orange Front and Rear** le **David Haxton** páipéar stróicthe a bhí fágtha ó sheit scannáin, agus é soilsithe ar dhóigheanna éagsúla ar an dá thaobh den íomhá. Cruthaíonn an **Boyle Family** dealbha le rilíf íseal de phíosaí den timpeallacht. Úsáideann **Julie Massie** scealpa de chré-ábhar páipéir le saothar a chruthú atá spreagtha ag an Imeallbhord Lúrasach.

Cruthaíonn ealaíontóirí agus dearthóirí saothair atá roinnte ina bpíosaí aonair. Cruthaíonn **Vanessa Hogge** foirmeacha bláthacha ceirmeacha atá déanta as cuid mhór píosaí aonair. Is saothair ealaíne iad **Readymades** atá déanta as réada ar thángthas orthu. Is íomhánna iad **Scapegoating** le **Gilbert and George** atá déanta as eangach de mhíreanna ar leith. Tá **The Hive** le **Wolfgang Buttress** tógtha as 170,000 píosa d'alúmanam. Cumascann **Matthew Stone** péintéireacht agus bogearraí samhaltú 3T le híomhánna a chruthú ina bhfuil an t-ábhar bloghta ag buillí leitheadacha den scuab. Bíonn an chuma ar phortráidí níos déanaí de chuid **Chuck Close** gur mósáicí briste teibí iad agus tú díreach in aice leo. Tá clú ar **Jacques Mahé de la Villeglé** as colláisí déanta de phóstaeir stróicthe.

Cothaíonn an **Ghluaiseacht Dhíthógálach** san ailtireacht an chosúlacht go raibh an foirgneamh briste ina smidiríní agus curtha le chéile arís. Na struchtúir bhriste sna dearaí cuimhneacháin d'íospartaigh an Uileloiscthe de chuid **Daniel Libeskind**, cuireann siad míshuaimhneas ar an lucht féachana. Léiríonn na líníochtaí todhchaíocha coincheapúla don ailtireacht le **Lebbeus Woods** struchtúir atá briste ina ngiotaí agus foirmeacha atá lúbtha as a riocht. Is suiteáil é **Cold Dark Matter: An Exploded View** le **Cornelia Parker** de phíosaí briste a tháinig ó bhothán gairdín ar pléascadh é.

Tá taifead déanta ag ealaíontóirí ar an dóigh a ndéantar suíomhanna a bhloghadh mar gheall ar theannas cogaíochta. Thaifead **Brian Maguire** léirscrios Aleppo sa tSiria, ina thaispeántas **War Changes its Address: The Aleppo Paintings**. Taispeántar amhairc ón aer agus grianghraif ghar-amhairc leis an léirscrios tírdhreacha a bhí ann i ndiaidh dheireadh an chogaidh i gCuáit sna grianghraif **Facts of Matter** agus **Fait** le **Sophie Ristelhueber**. Thaifead **Joel Meyerowitz** an léirscrios a rinneadh nuair a thit an Lárionad Trádála Domhanda i Nua-Eabhrac. Bíonn

seandálaithe ag foghlaim faoi shochaithe ó na píosaí briste de dhéantáin a dtagann siad orthu. Fuair **Raewyn Harrison** spreagadh ó pháosaí briste a fuarthas feadh na Tamaise agus í ag comhoibriú le Mike Webber, seandálaí, leis an tsraith cheirmigh **Mudlarking** a chruthú.

In **Ealaín ón Imeall**, d'fhiosraigh cuid mhór ealaíontóirí briseadh anuas na meabhrach tríd an taithí a bhí ag daoine ar mheabhairghalar. D'fhiosraigh **Lindsay Seer** léirithe ar scitsifréine ina suiteáil **Every Thought There Ever Was**.

Déanann **Pointíleachas** agus **Deighilteachas** tagairt don phróiseas a d'úsáid péintéirí mar **Georges Seurat** agus **Paul Signac**, ina ndéantar dathanna a scaradh ina spotaí nó ina ndabaí aonánacha a mheascann le chéile go hoptúil nuair a amharctar orthu i bhfad ar shiúl. Is é **A Sunday Afternoon on the Island of La Grande Jatte** an sampla is cáiliúla de. Is gnách le printéirí ábhair a scaradh ina dtóin ar phriontaí scáileáin, greantaí líonóile agus adhmaid le híomhánna a chruthú mar a gcaithfidh na míreanna éagsúla ailíniú le híomhá iomlán a chruthú. Cruthaíonn **Uno Morales** ealaín ghreannáin a bhfuil an chosúlacht uirthi go bhfuil sí déanta as picteilíní.

D'fhiosraigh **Ciúbachas** bealaí úra chun réalachas a léiriú i bpictiúir, trí níos mó na dearcadh amháin a thabhairt le chéile i saothar amháin, ag cruthú íomhánna, de réir dealraimh, a bhí níos teibí agus níos scoilte dá bharr. Na léirmhínte Ciúbaíocha ar théamaí reiligiúnacha a rinne **Mainie Jellett**, bhain siad stangadh as Éireannaigh go luath san fhichiú haois. Tháirg **Juan Gris** saothair Chiúbacha a bhí déthoiseach agus tríthoiseach. Chruthaigh **Charles Sheeler** íomhánna bloghta, drámata d'ailtireacht Mheiriceánach ina chuid grianghraf agus pictiúr ó pheirspictíochtaí neamhghnácha.

Is sraith d'fhoirmeacha geoiméadracha atá i gcodarsnacht lena chéile é troscán **Peter Shire**. Baintear úsáid as coincreít le leatháin pháipéir a choinneáil le chéile agus a chomhbhrú taobh istigh den struchtúr i ndealbha **Abismos** le **Lucas Simões**. Baineann **Soo Sunny Park** úsáid as píosaí slabhra agus pleicseaghloine ildathach le héifeachtaí athraitheacha de dhatha agus solais a chruthú ina suiteáil **Unwoven Light**. Tá sraith de fhoirmeacha geoiméadracha a éiríonn níos teibí de réir a chéile i bhfíodóireacht le **Gunta Stölzl**. Fuair **Monir Shahroudy Farmanfarmanian** inspioráid dá saothair gheoiméadracha theibí óna cúlra Iaránach.

## Grianghráfadóireacht agus Meáin Lionsa-Bhunaithe

Is é atá i mbeochan ná sraith íomhánna a thaispeántar go leantach ionas go bhfeictear gluaiseacht gan stad in áit bloghanna ar leith. Chuir an **Zótróp** ar chumas an lucht féachana íomhánna gluaiasteacha a fheiceáil roimh theacht an scannáin. B'éigean scannán a spladhsáil ina phíosaí agus iad a chur le chéile arís sula raibh eagarthóireacht dhigiteach ann. In **Every Building on the Sunset Strip** le **Edward Ruscha** cuireadh grianghraif le chéile i stiall fhada agus fillleadh iad ar nós bosca ceoil le leabhar a fhoirmiú.

Tá íomhánna osréalacha ina bhfuil míreanna amhail corp an duine agus foirgnimh geoiméadracha curtha le chéile in **Fragments** le **Patricia Voulgaris**. Na híomhánna in **Yucatan Mirror Displacement** le **Robert Smithson**, déanann siad an tírdhreach a fhrithchaitheamh, ag scoilteadh na timpeallachta. In **Perspective**, thóg **Suzanne Saroff** grianghraif de réada trí shoithí gloine líonta le huisce, a chruthaigh radhairc a bhí díchumtha, bloghta den ábhar. Cuireadh cuid mhór píosaí ó ghrianghraif eile le chéile le tírdhreacha osréalacha a chruthú i saothair **Erik Johansson**.

Sa scannán **Mirror** le **Andrei Tarkovsky**, tá giotáí de chuimhní ar aois an pháiste fite le focail ó fhilíocht a athar. Sa tsraith **Fragments of Memory** díríonn **Sebastian Palmer** ar mhionsonraí i dteach a mháthar móire sa Fhrainc, áit a mbíodh sé ag caitheamh laethanta saoire a óige. Bhain **Guillaume Zuili** úsáid as ceamara mionphoill leis an tsraith **Fragments, Los Angeles** le híomhánna d'atmaisféar stairiúil a chruthú de mhionsonraí na cathrach. Tá íomhánna priontáilte ar scannán in **Fragments of Memories** a léiríonn taithí **Robert Marnika** den choimhlint san Iúgslaiv.

Baineann **Joe Keating** úsáid as saothair atá scoilte nó gearrtha le súil an bhreathnóra a tharraingt chuig croílár a chuid grianghraif de chathracha. Taispeántar píosaí foirgnimh agus struchtúir eile i gcoinne brat bán sneachta i ngrianghraif **Ying Yin** den oileán Hokkaido sa tSeapáin. Cruthaíonn **Georges Rousse** suiteálacha i bhfoirgnimh, ag tógáil grianghraif den spás, a éiríonn níos briste go hoptúil de réir mar a chuireann sé a chuid pictiúr leis.

Na grianghraif in **Authorization** le **Michael Snow**, is portráidí taobh istigh de phortráidí iad, ar tógadh grianghraif díobh arís agus arís eile agus éiríonn siad níos bloghta dá bharr. Cruthaíodh **A Sudden Gust of Wind (After Hokusai)** le **Jeff Wall** trí theicníc colláise a úsáid agus é a chur i láthair le heangach a bhriseann an saothar suas. Tógtar íomhánna ilchodacha de chuid **Mari Mahr** le cinecheamara le réada curtha os comhair cúlraí grianghráfadóireachta, agus is minic nach bhfuil an fócas ach ar pháosa den réad.

Is cosúil le patrúin scoilte iad na grianghraif d'aitireacht le **Nikola Olic** mar ní bhíonn ach cuid den fhoirgneamh le feiceáil sa tsaothar ghearrtha. Is radhairc choimhthíocha den chathair iad atá sa tsraith **Pictures for Rome**, ina ndíríonn **Anthony Hernandez** ar pháosaí d'fhoirgnimh fholmha nó d'fhoirgnimh atá tréigthe. Cruthaíonn **Anna de Vries** suiteálacha grianghráfadóireachta ar minic iad i bhfoirm dealbhóireachta.



## Dearadh Trí-Thoiseach

Cruthaíonn dearthóirí foirmeacha bloghta a dtig leo iad a athchumrú ar bhealaí úra. Cruthaíonn **Mat Random** bréagáin gheoiméadracha adhmaid d'ainmhithe mar a bhféadtar baill an choirp a athchumrú. Meileann **Kelvin J Birk** clocha lómhara agus baineann sé úsáid as na píosaí arís eile le seodra nua a chruthú. Chruthaíodh an mála **Bao Bao** le **Issey Miyake** as píosaí triantánacha, a ligeann don mhála a athrú ina fhoirm sholúbtha tríthoiseach. Is raon troscán é **Fractured** le **Pentatonic** agus **Snarkitecture** atá idirghníomhach agus déanta as ábhair athchúrsáilte. Is féidir na hárasáin **Modulofts** le **Fouad Samara Architects** a scoilteadh le painéil sleamhnáin, ionas gur féidir seomraí a fhoroinnt le riar ar riachtanais na gcónaitheoirí.

D'imir foirmeacha de phicteilíní comhghlasáilte tionchar ar dhearaí soilsithe. Is cosúil le picteilíní ó fhótagraif méadaithe é **Pixel Wall/Ceiling Lamp** le **Bakerygroup** agus is féidir é a thaispeáint leis féin nó a thaispeáint grúpáilte ina scata. Déantar **Living Pixels Lamps** as píosaí de bhratacha fógraíochta athchúrsáilte. Bíonn carachtair phicteilíneacha ó ríomhchluichí mar chuid de na **Pixel Pals**.

Is ealaín Sheapánach é **Kintsugi** ina ndéantar cré-earraí atá briste a chóiriú trí laicear speisialta a chur leo a bhfuil dusta d'ór, d'airgead nó de phlatanam air. Tarraingíonn seo aird ar na scoilteanna agus aibhsíonn sé stair uathúil an réada. Tá cuma lochtach ar shoithí **Kyle Johns** mar a bheadh siad curtha le chéile as píosaí de photaí briste. Bristear soithí d'aon turas agus cuirtear as a riocht iad le **Broken** le **Sue Paraskeva** a chruthú. Bíonn dromchlaí scoilte a bhfuil cuma sheanchaite go mór orthu ar bhróga reatha **Fusion** le **Maison Margiela**.

Baineann dearthóirí úsáid as píosaí aonánacha le cruthanna comhghlasáilte a chur le chéile. Tá an **Phyllis Oversized Statement Necklace** le **Oddical** déanta as píosaí de níolón priontáilte atá plátáilte le hór. An hata dealbhóireachta in **Hand Painted Fractured Chrome Mask** le **Noel Stewart**, timpeallaíonn sé an cloigeann le struchtúr ar nós mogaill, agus le foirmeacha briste ar nós craibhíní. Bíonn strapaí déanta as cruthanna comhghlasáilte de mhíreanna mearaí in **Puzzle Sandals** le **Brian Atwood**. Tá **Kinemax** le **Denis Laming** cosúil le píosaí criostal ar nós scealpa. Rinneadh an raon **Non-Woven** le **Christian Kocx** as píosaí plaisteacha nach raibh de dhíth.

Is féidir dromchlaí a bhriseadh suas mar chuid den dearadh iomlán. Tá ribíní de dhromchlaí geoiméadracha ag scoilteadh an façade atá ar an **DC Tower** le **Dominique Perrault**. Tá dromchlaí atá briste le héadain gheoiméadracha le feiceáil i gceirmeacht dhealbhadh **Rebecca Appleby** agus i vásaí **Faceture** le **Phil Cuttance**. Cuireann dromchla airgid ar an **Cubic Coffee Service** le **Erik Magnussen** i gcuimhne dúinn na dromchlaí briste atá ar phictiúir Chiúbaíocha agus ar an ailtireacht Art Déco. Tá na dromchlaí ar mhálaí agus ar mhálaí droma ón **Supreme Patches** le **Gucci GG** maisithe le paistí mar a bheadh seantruncaí taistil ann. Bíonn dromchlaí bloghta le patrúin amhail stríoca ar bhróga **Georgina Goodman**.



## Teicstílí

Bíonn dearthóirí teicstílí ag cruthú dearaí a mheascann patrúin ó fhoinsí eile. Cuireann an bailiúchán **AW2018** le **Mary Katrantzou** codanna de ghrafaicí bunaithe ar Bauhaus i gcodarsnacht le dearaí maisiúla de chuid na nEalaíon agus na Ceardaíochta. Cruthaíonn comhlachtaí amhail **Liberty** patrúin ó dhearaí comhghlasáilte nó ó dhearaí athfhillteacha. I ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda, rinneadh **National Celebration Skirts** san Ollainn. Sciortaí a bhí ann, d'obair phaistí déanta de phíosáí fabraice ar le daoine a mharaigh airm na Gearmáine iad nó a bhí i bhfolach ó na Naitsithe. Tá feistis déanta d'obair phaistí d'fhabraicí maisiúla sa bhailiúchán **Exercise** le **Maison Martin Margiela**.

Is dearadh geoiméadrach é an **Autograph Quilt** le **Adeline Harris Sear** ar shínigh daoine cáiliúla a n-ainm air. Tá baill éadaigh in **SS2018 Resort Collection** le **Ji Won Choi** mar a mbíonn an bloc datha ar an dromchla briste suas le cruthanna geoiméadracha. Is minic a fhoirmíonn eangach de phíosáí éadaí na cuirtíní teicstílí de chuid **Malcolm Lochhead**.

Bíonn dearthóirí teicstílí agus ealaíontóirí ag cruthú dromchlaí as réimse próiseas. Tugtar prionta, cniotáil, cróiseáil agus macramé le chéile sa bhailiúchán **Fashion East SS17** le **Matty Bovan**. Tugtar píosaí d'íomhánna, de challagrafaíocht agus d'fhuáil le chéile i dteicstílí **Stéphanie Devaux**. Cumascann **Mairead McCormack** na próisis dhigiteacha agus thraidisiúnta teicstílí ina cuid oibre ar línéadach na hÉireann. Bhain an dearthóir feistis **Michele Carragher** úsáid as teicnící smocála don dromchla briste ar an **Dragonscale Dress** le Daenerys Targaryen.

Scríosann nó díghradaíonn dearthóirí fabraicí d'aon turas mar chuid dá ndearaí. Bhí bálghúnaí le píosaí 'dóite' a cruthaíodh le gearradh léasair agus le haerscuabadh mar chuid den bhailiúchán **AW16** le **Jeremy Scott** faoi choinne **Moschino**. Léiríodh **Distressed Fashion** ar ardáin taispeána agus ar an mhórshráid. Chruthaigh an comhoibriú idir **Sandra Backlund** agus **Urbanears** foirmeacha dealbhacha cniotáilte a raibh an chuma orthu go raibh na snáitheanna go léir scaoilte.

Úsáideann **Christine Mauersberger** píosaí de théip plaisteach brataí le suiteálacha teicstílí atá suíomhoiriúnaithe a chruthú. Tá clú ar **Mark Garry** as a chuid suiteálacha déanta as snáth agus sreang, agus an chosúlacht orthu go bhfuil an solas á scoilteadh ina dhathanna den speictream, amhail an ceann atá in MAC, Béal Feirste. Cruthaíonn **Anna Ray** teicstílí dealbhacha ina bhfuil na píosaí ar leith le feiceáil go soiléir agus is gné é seo dá cuid oibre.

Féadann ealaíontóirí teicstílí spreagadh a fháil ó phíosáí den timpeallacht tógtha nó den timpeallacht nádúrtha. Tugadh spreagadh do **Heather Collins** ó phíosáí briste sa nádúr lena dealbh teicstílí **Frozen Bramble** a dhéanamh. Tá an tionscadal **Wounds** le **Mari Meen Halsøy** déanta as píosaí fabraice atá deartha le teacht leis an pholl, a chruthaigh piléar nó buama, ar dhromchlaí foirgneamh i mBéiriút. Fuair **Julie Shackson** inspioráid ó phíosáí ón nádúr lena teicstílí meáin mheasctha a dhéanamh.

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.